

TÁ MÍ EORPACH NA CIBEARSHLÁNDÁLA 2019 SEOLTA

SÁBHÁILTEACHT AR LÍNE – FEACHTAS 2019

Is í mí Dheireadh Fómhair **Mí Eorpach na Cibearshlándaála (ECSM)** agus is iad Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl (ENISA) agus an Coimisiún Eorpach a dhéanann í a chomhordú, le tacaíocht ó na Ballstáit. Le feachtas na bliana seo féachfar le cur le feasacht na saoránach ar fud na hEorpa i dtaca leis an gcibearshlándaíl.

Díríonn feachtas 2019 ar théamaí difriúla a thugann aghaidh ar an ngá atá le hathrú iompraíochta i leith na cibearshlándaála agus a thugann eolas d'úsáideoirí chun cabhrú leo na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a aithint.

Is é an 'Cibearshláinteachas' bunúsach an chéad téama, cur chuige ina bhfuil meafar an tsláinteachais á úsáid chun eolas a scaipeadh faoi nósanna maithe cibearshlándaála is féidir le gach duine a úsáid ina ghnáthamh laethúil. Agus cleachtas shláintiúla cibearshlándaála ag duine, féadfaidh sé go mbeidh tuilleadh muiníne aige as a chuid gléasanna a úsáid, a ríomhaire, cuir i gcás, nó fón cliste, gléas inchaite nó aon ghiurléid eile a bhíonn nasctha leis an idirlíon. Is í príomhtheachtaireacht an fheachtais ná gur nós í an cibearshlándaíl a fhoghlaimíonn tú i d'óige agus a chleachtann tú ó lá go lá ina dhiaidh sin.

'Teicneolaíochtaí atá ag Teacht chun Cinn', is é sin is fócas don dara téama agus cuireann sé béim ar a thábhachtaí atá sé tú féin agus do chuid gléasanna teicneolaíochta nua a choinneáil sábháilte. Tá an teicneolaíocht ag forbairt go gasta agus tá sé tábhachtach ceist a ardú faoi na socruithe slándaála agus príobháideachais ar aon ghléas nua a cheannóidh tú. Faoin téama seo, tabharfar treoir do shaoránaigh faoi na gnéithe éagsúla ar cheart dóibh a bheith san airdeall orthu i dtaca le teicneolaíochtaí nua.

Dúirt Mariya Gabriel, an Coimisinéir Eorpach um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach: "Tá Mí Eorpach na Cibearshlándaála 2019 á

seoladh againn inniu. Leis sin treiseofar an fheasacht ar an tsábháilteacht ar líne agus na scileanna cibearshlándála a bheidh ag teastáil sa todhchaí. Is mian linn an Margadh Aonair Digiteach a chur i bhfeidhm go hiomlán: tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go gcinntimid go mbíonn an t-eolas agus na scileanna ag saoránaigh an Aontais, daoine óga go háirithe, chun iad féin a chosaint ar líne. Is orainne ar fad atá an fhreagracht deimhin a dhéanamh de go mbeidh gach saoránach in ann úsáid fhreagrach a bhaint as na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.”

Dúirt Udo Helmbrecht, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ENISA: Tá na cibearbhagairtí ag forbairt ar luas lasrach agus féadfaidh tionchar an-tábhachtach a bheith ag iompar an duine ar a chibearshlándáil féin. Ceann de phríomhchuspóirí Mhí Eorpach na Cibearshlándála is ea deimhin a dhéanamh de go mbíonn gach saoránach san airdeall ar rioscaí ar líne agus go mbíonn na huirlisí acu chun bheith muiníneach acmhainneach agus iad ag baint úsáid as an idirlíon. I mí Dheireadh Fómhair beimid ag tathant ar gach duine a bheith airdeallach ó thaobh na nuatheicneolaíochta de agus ag moladh dóibh nósanna maithe cibearshlándála a chur i bhfeidhm ina saol féin.”

Chun an feachtas a sheoladh inniu, [tá físeán](#) foilsithe ag ENISA a thabharfaidh eolas do na saoránaigh faoi sheiceálacha simplí feasachta is féidir leo a dhéanamh ó lá go lá. Chomh maith leis sin, beidh seisiún ceisteanna dar teideal ‘Ask Me Anything’ á reáchtáil ag ENISA ar Twitter an 30 Meán Fómhair ag 9:00 a thabharfaidh deis do shaoránaigh agus d’eagraíochtaí ceisteanna ginearálta cibearshlándála a chur ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil faoin dóigh is fearr lena ngléasanna a chosaint.

NÓTAÍ D’EAGARTHÓIRÍ:

Is é atá i Mí Eorpach na Cibearshlándála (ECSM) feachtas ardaithe feasachta an Aontais Eorpaigh chun an chibearshlándáil a chur chun cinn i measc na saoránach agus na n-eagraíochtaí trí eolas slándála atá cothrom le dáta a chur ar fáil.

Lean an feachtas ar Twitter [@CyberSecMonth](#) agus úsáid an haischlib [#CyberSecMonth](#), agus lean é ar Facebook [@CyberSecMonthEU](#)

Tá tuilleadh eolais faoi Mhí Eorpach na Cibearshlándála le fáil ar [cybersecuritymonth.eu](#).

MAIDIR LE HAGALLAIMH:

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le foireann preasa ENISA ag [press@enisa.europa.eu](#)

